# Páirc na Bealtaine

## Rian Súl Mata (Bunscoil)

**Tabharfaidh Mattie treoir duit agus tú ag siúl tríd an pháirc!**
Tosnaíonn an rian seo gar don gheata coisithe chuig Páirc na Bealtaine ar Ascal Killester.




### Notaí do dhaoine fásta (múinteoirí/teagascóirí/ tuismitheoirí) ag cabhrú le daoine ar an rian:

- Tá na leideanna ar an leibhéal seo curtha ar bhonn is go ndéanfaidh said iarracht grúpa páistí in aois bhunscoile a spreagadh chun na ceisteanna a fhreagairt. Tá aithne mhaith agat féin ar do ghrúpa féin agus mar sin ba chóir duit an ceistiú a mhúnlú chun cinntiú gur féidir le gach aon pháiste mothú a beith páirteach agus muinín a fháil as cuidiú le freagraí a thabhairt ar na ceisteanna. Mar is eol duit is féidir níos mó ná aon tuaraim/freagra amháin a bheith ann agus tarlaíonn cuid den fhoghlaim is fearr nuair a thairgtear níos mó ná aon tuaraim amháin agus bíonn roint plé mar thoradh ar seo.
- Gníomhaíochtaí síneadh féideartha tar éis an rian mata a dhéanamh:
    1. Iarr ar na foghlaimeoirí iarracht a dhéanamh gach aon ceist ar an rian a rangú I gceann de na 4 catagóir seo: **Cainníocht agus Uimhir; Cruth agus Spás; Patrún agus Caidrimh, Sonraí agus Seans.**
    2. Iarr ar do chuid foghlaimeoirí a gcuid ceisteanna rian mata féin a cheapadh ag usáid na poist atá ann cheanna féin.
- Más mian leat breis eolas a fháil faoi do chuid Shúile Mata a úsáid téigh, le do thoil, chuigt http://www.haveyougotmathseyes.com/

*Ní ghlacann iad siúd a chruthaigh an Chonair Mhata seo aon fhreagracht ná aon dliteanas i leith aon éileamh, aon chailliúint, aon ghortú ná aon mhíchaoithiúlacht a bhaineann leis an gConair Mhata seo a leanúint. Is ar do phriacal féin a bhaineann tú úsáid as an gConair Mhata seo.*

*Rian Súl Mata (Bunscoil)*

# Tosnaigh ar do Rian Mata

| Stáisiún | Leideanna |
|---|---|
| 1 | Cé acu de na crainn árd, tannaí, a bhfuil an méid is mó eidhneán air? |
| 2 | a. Cén dath (dearg nó flannbhuí) is mó a usáidtear ar an bhfál thart timpeall ar na páirce/cúirte uile-aimsire? Conas atá tú cinnte?<br>b. Cé mhéid cluichí éagsúla a d'fhéadfá a imirt sa pháirc/chúirt uile-aimsire? |
| 3 | a. Sa ghrúpa crann, an bhfuil na crainn uileag de'n cineál céanna?<br>b. Cén cineál cruth a déaneann imlíne an ghrúpa crann seo?<br>c. An bhfuil an líon crann sa ghrúpa corr nó cothrom? An bhfuil an uimhir príomha? |
| 4 | a. Cé comh fada is atá na soilse tráchta ar dhearg?<br>b. An bhfanann na soilse ar ghlass agus ar dhearg ar feadh an ama chéanna? |
| 5 | Taobh istigh do dhá noiméad:<br>a. Cén dath feithicle is mó a fheiceann tú?<br>b. An dtaistealaíonn níos mó daoine suas an bóthar nó síos? |
| 6 | Ainmnigh gach cheann de na cruthanna gur féidir leat a fheiceáil sa bhínse, agus sa bhfál taobh thiar den bhínse (tá neart dóibh ann!). |
| 7 | a. An bfhuil na crainn beaga, taobh leis an gcosán, go léir ar spás cothrom?<br>b. An bfhuil na crainn beaga go léir.díreach?<br>c. An féidir leat an fad iomlán ón gcéad crann go dtí an crann deireanach in aon sraith crann amháin a mheas? |
| 8 | a. An bhfuil an pháirc ag dul leis an bhfána céanna ar an dá thaobh den gcosán?<br>b. Muna bhfuil, cén taobh atá níos cothromaí? |
| 9 | a. Ainmnigh na cruthanna éagsúla a fheiceann tú ins na tithe thall?<br>b. Cé mhéid cruthanna le siméadracht a fheiceann tú ? |
| 10 | a. Cé mhéid ciorcal is féidir leat a chomhraimh sa bhfaiche súgartha?<br>b. Déan meastachán ar airde an fhráma draipeadóireachta? Conas a rinne tú é? |
| 11 | a. Ainmnigh na cruthanna go léir sa bhfaiche súgartha?<br>b. Cé mhéid céimeanna atá sa bhfaiche súgartha? |
| 12 | a. Comhair na triantán gur féidir leat a feiceáil sna foirignimh garr don pháirc?<br>b. An féidir leat ainmneacha matamaitice faoi leith a thabhairt do chuid de na triantáin? |

**Tá an rian déanta agat, tá súil ag Mattie gur bhain tú spraoi as!!**